Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**11827/23**

**AGRI 407**
**AGRIFIN 86**
**AGRIORG 86**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin<br>*- Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*<br>*- Malartú tuairimí* |

Ag féachaint don chruinniú a bheidh ag an gComhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 25 Iúil 2023, gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn doiciméad ón Uachtaránacht maidir leis an ábhar thuasluaite, ceisteanna chun díospóireacht na n-airí a threorú san áireamh.

**IARSCRÍBHINN**

## Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin

I ndiaidh ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, is léir gur gá feabhas a chur ar an eolas a bhaineann le hinfhaighteacht amhábhar bunúsach bunriachtanach don tslándáil bia san Aontas Eorpach. Is é an cuspóir atá ann trédhearcacht sa mhargadh inmheánach a chur chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar bhearta agus gníomhaíochtaí oiriúnacha atá le cur chun feidhme i gcás ina bhféadfadh suaitheadh a bheith ann i mbealaí trádála na n-ábhar sin.

A mhéid a bhaineann leis an staid idirnáisiúnta, rinne an Chomhairle Idirnáisiúnta Gránach (ICC), sa tuarascáil uaithi i mí an Mheithimh, an réamhaisnéis dhomhanda maidir le táirgeadh gránach do shéasúr 2023/24 a laghdú faoi 2Mt, go dtí 2.292 Mt. Is é is cúis leis an laghdú sin ar tháirgeadh domhanda ná dálaí aimsire forleathana le déanaí atá róthirim, a raibh drochthionchar acu ar bharra domhanda.

In ainneoin na ndúshlán sin, meastar nach mbeidh an réamhaisnéis maidir le táirgeadh gránach carnach ach beagán faoi bhun an taifid a socraíodh 2 bhliain ó shin, nuair is 2.295 milliún tona a bhí ann. Meastar, áfach, go mbeidh an tomhaltas réamh-mheasta níos mó ná an táirgeadh, rud a fhágfaidh go mbeidh laghdú 2.5 % ar na stoic ag deireadh an tséasúir le hais an tséasúir roimhe sin.

Fágfaidh staid seo na stoc laghdaithe, mar aon leis an éiginnteacht a bhaineann le hathnuachan Chomhaontú Chonair Ghráin na Mara Duibhe, gurb í an luaineacht is mó a bheidh i mbunmhargaí gráin an domhain.

Ar an taobh eile, ionas go mbeidh uirlisí ann a d’fhéadfadh a bheith ina gcuidiú chun an luaineacht a mhaolú agus feasacht ar staid an stoic ar leibhéal an Aontais a fheabhsú, glacadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/791 ón gCoimisiún an 19 Bealtaine 2022. Leis an Rialachán seo, leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 maidir le fógra a thabhairt faoi leibhéil stoic gránach, síolta ola agus míse. Sa Rialachán tugtar isteach oibleagáid an fhaisnéis sin ó earnáil na talmhaíochta a chur in iúl don Choimisiún Eorpach, ag tosú i mí Iúil 2022.

Tar éis an creat nua faireacháin sin ar stoc a bhunú, déantar faireachán ar an gcóras le linn chruinnithe an Ghrúpa Saineolaithe ar an margadh talmhaíochta, agus tuairiscíonn an Coimisiún go rialta ar stádas na cumarsáide ó na Ballstáit.

Bliain amháin tar éis faireachán míosúil a dhéanamh ar stoc, is fiú meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtachtaí agus a úsáidí atá sé.

I bhfianaise an chomhthéacs sin agus thús na bliana margaíochta do go leor tráchtearraí talmhaíochta bunriachtanacha, agus chun gur féidir plé cuiditheach sa Chomhairle a éascú, moltar na ceisteanna a leanas:

1. *Ag cur san áireamh gur cuireadh tús leis an bhfeachtas maidir le gránach agus síolta ola an 1 Iúil, cad a mheasann na Ballstáit faoi staid an mhargaidh bunaithe ar a gcuid meastachán do bharra 2023 agus ar an gcomhthéacs geopholaitiúil? Cad iad na dúshláin mheántéarmacha agus fhadtéarmacha a mheasann na Ballstáit a bheidh ann?*

2. *Cad é taithí agus ionchais na mBallstát faoina mhéid a rannchuidíonn an córas nua faireacháin stoic le trédhearcacht an mhargaidh a fheabhsú? Cad iad na huirlisí eile a mheasann na Ballstáit a bheith oiriúnach chun tuiscint níos fearr a fháil ar an margadh, go háirithe ó thaobh géarchéimeanna a d'fhéadfadh a bheith ann a thuar?*